

Ráiteas Cumhdach Leanaí Choláiste Cholumba

Tá Coláiste Cholumba lonnaithe ar an gCeathrú Rua. Freastalaíonn muid ar bheagnach seacht gcéad scoláire ó cheann, ceann na tíre. Tá tithe lóistín againn i gceantar na Ceathrún Rua, An Tuairín. Cuan na Loinge agus Béal an Daingin. De réir riachtanas an Achta *Tús Áite do Leanaí 2015*, Tús Aite do Leanaí agus de réir na Treorach ó *Tusla* maidir le hullmhúchán Ráiteas um Chumhdach Leanaí, tá aontaithe ag Bord Stiúrtha Choláiste Cholumba an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a leagan amach sa cháipéis seo.

Ról agus Freagrachtaí:

- Bíonn an phríomhfhreagracht as cúram agus leas a dhaltaí ar an mBord Stiúrtha.
 - Bíonn freagracht shainiúil ar an DCA as caomhnú páistí sa Choláiste.
 - Bíonn dualgas cúraim ghinearálta ag an bhfoireann uile, chun a chinntiú go bhfuil socruithe ann chun leanaí a chosaint ó dhainséar.
-
- **Ról an Bhoird Stiúrtha**
 - Socruithe a dhéanamh do phleanáil, forbairt agus cur i bhfeidhm cláir caomhnú páistí éifeachtach.
 - Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an gclár sin.
 - Forbairt agus oiliúint foirne chuí a chur ar fáil

Go sonrach

- Ceapfaidh siad DCA agus Leas-DCA
- Beidh nósanna imeachta soiléire acu chun déileáil le líomhaintí nó le hamhrais maidir le mí-úsáid leanaí (Féach thíos)
- Déanfaidh siad monatóireacht ar leanaí i mbaol
- Déanfaidh siad cinnte go soláthraítear an chuid den churaclam a bhaineann le cosc a chur ar mhí-úsáid leanaí.
- Déanfaidh siad líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí i leith fhostaí an Choláiste a tuairiscíodh do Fheidhmeannach na Seirbhíse Slainte nó don Gharda Síochána a iniúchadh, agus tabharfaidh siad freagra orthu.

Nósanna imeachta don Bhord Stiúrtha má dhéantar líomhaintí nó má tá amhrais ann maidir le mí-úsáid leanaí déanta ag fostaí an Choláiste / Mná Tí an Choláiste:

Tuairisciú

Má fhaightear gearán nó amhras maidir le fostaí:

- Cuirfidh an DCA an bainisteoir Caoimhín Ó hEaghra/Micheal Ó Domhnaill ar an eolas láithreach.
- Lorgóidh sé/sí ráiteas scríofa den líomhain ón duine/ón eagrais atá ag déanamh na líomhna. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí ráiteas a dhéanamh thar ceann linbh.
- Rachaidh an DCA chun comhairle a fháil ó TÚSLA agus beidh sé/sí freagrach as tuairisciú a dhéanamh, bunaithe ar an gcomhairle sin.
- Má chinneann an DCA, i ndiaidh dó/di comhairle a dhéanamh leis an TUSLA, nach gá an t-ábhar a thuairisciú, ní mór dó/di an Bainisteoir a chur ar an eolas. Ansin, ní mór dó/di an duine nó an ghníomhaireacht atá ag déanamh na líomhna a chur ar an eolas, i scríbhinn, faoi na cúiseanna leis an gcinneadh sin. Má tá cúiseanna imní ag an duine nó ag an eagrais sin fós, is féidir leo dul i gcomhairle le TUSLA nó leis an nGarda Síochána, nó tuairisc a thabhairt dóibh ar bhonn aonair. Bíonn forálacha an [Achta um Chosaintí ag Daoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Leanaí 1998](#), má dhéanann siad tuairisc réasúnta le meon macánta.
- Má chinneann an DCA, i ndiaidh dó/di dul i gcomhairle le TUSLA, gur chóir an t-ábhar a thuairisciú, ní mór dó/di an Bainisteoir a chur ar an eolas, agus ní mór dó/di leanúint ar aghaidh de réir na nósanna imeachta sna [Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí \(1999 Ich 16\)](#).
- Comhlíonfaidh an DCA/Leas-DCA foirm thuairiscithe chaighdeánach ar an tslí is cuimsithí is féidir.
- Nuair a chuirtear an Bhainistíocht (Micheal Ó Domhnaill & Caoimhín Ó hEaghra) ar an eolas faoi líomhain maidir le mí-úsáid, gheobhaidh sé (Dioraí Forde 091- 582980) comhairle dhlíthiúil i gcónaí, agus tabharfaidh sé/sí freagra ar an líomhain de bhun na comhairle sin.
- Cuirfidh sé/sí an fostaí / Bean Tí ar an eolas faoi fhíricí agus cineál na líomhna, agus déarfadh sé/sí go raibh/nach raibh sé tuairiscithe don Bhord Sláinte ag an DCA. ([Déan tagairt do 4.2 – 4.3, Ich 16 de na Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí \(ROE, 2001\)](#)). Bíonn

sé de dhualgas ar an mbainistíocht cothroime a thabhairt don fhostaí agus a chinntiú go leanaítear an próiseas ceart – bíonn an fostaí i dteideal sonraí agus cóip den líomhain i scríbhinn, comhairle, ionadaíocht agus deis freagra a thabhairt don Bhainisteoir laistigh de sheachtain.

Freagairt

- Nuair a chuirtear an Bhainistíocht ar an eolas faoi líomhain maidir le mí-úsáid, gheobhaidh sé/sí comhairle dhlíthiúil i gcónaí, agus freagróidh sé/sí don líomhain de bhun na comhairle sin.
- Déanaidh an Bhainistíocht barúil measta an bhfuil daltaí i mbaol. Má cheapann sé go bhfuil riosca ann – féadann sé ceangal ar an bhfostaí / Bean Tí dul ar shaoire riaracháin láithreach. Más Bean Tí atá i gceist beidh ar an Choláiste na daltaí a bhogadh. Mura bhfuil sé/sí cinnte, rachaidh an cathaoirleach i gcomhairle le TUSLA / an nGarda Síochána.
- Mura ceanglaíodh ar an bhfostaí dul ar shaoire riaracháin, cuirfidh an Bainisteoir an ROE ar an eolas. Féadtar TUSLA (i roinnt cásanna an Garda Síochána) a chur ar an eolas freisin de réir comhairle dhlíthiúil a fhaightear.
- Nuair a líomhnaítear gur tharla an drochúsáid laistigh den Choláiste nó sa Teach Lóistín, nó nuair a bhaineann sé le mí-úsáid leanaí an Choláiste ag fostaithe an Choláiste lasmuigh d'am imeachtaí, déanfaidh an Bord Stiúrtha an scéal a iniúchadh. Beidh cruinniú breise acu nuair atá an fhaisnéis ábhartha bailithe. Ag an gcruinniú sin, déanfaidh an Bord Stiúrtha na nithe seo a leanas a mheas go mion
 - Na líomhaintí a rinneadh agus a bhfoinse
 - An chomhairle a chuir na húdaráis ábhartha orthu
 - Agus na freagraí scríofa ón bhfostaí / Bean Tí
- Ag an gcruinniú seo freisin
 - Ní mór deis a thabhairt don duine/ionadaí an eagrais a líomhnaíodh gur bhain an fostaí/ Bean Tí mí-úsáid as leanbh/leanaí a c(h)ás a chur faoi bhráid an Bhoird Stiúrtha, agus féadann duine amháin eile a bheith leis/léi
 - Féadann tuismitheoirí/caomhnóirí feidhmiú ar son an linbh.
 - Ní mór deis a thabhairt don fhostaí / Bean Tí a c(h)ás a chur faoi bhráid an chruinnithe freisin, agus féadann duine eile a bheith leis/léi.
- Ní mór don Bhord Stiúrtha déileáil leis an ábhar ar shlí leochailleach agus ní mór caitheamh go cothrom leis an bhfostaí/ Bean Tí.
- Déanfaidh an Bord Stiúrtha cinneadh faoi céard a dhéanfaidh siad, má tá aon rud le déanamh, bunaithe ar a n-iniúchadh agus cuirfidh siad an fostaí ar an eolas i scríbhinn. Cuirfidh siad an ROE ar an eolas faoin toradh freisin, má raibh an fostaí as láthair ar shaoire riaracháin.
- Nuair nach féidir leis an mBord Stiúrtha iniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí (e.g. nuair a tharla an mí-úsáid agus an duine fostaithe áit

éigin eile, nó nuair atá na húdaráis ábhartha ag déanamh iniúchadh air/uirthi), déanfaidh an Bainisteoir cibé gnímh a mholann na húdaráis. Fanfaidh an Bhainistíocht i dteagmháil dhlúth le TUSLA agus gheobhaidh siad tuairiscí agus cúntais uathu nuair is cuí.

- **Ról na mBall Foirne (Múinteoirí, Múinteoirí Cuairtíocht, Cuntoirí, Ard Chinnirí, Mná Tí, Rúnaí 7rl.. san áireamh)**

- **Tá sé de fhreagracht ar na múinteoirí/ Mná Tí agus na baill foirne uile dul i dtaithí ar Children First - Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (1999) go háirithe & Achta Tús Áite do Leanaí 2015.**

Treoirlínte do mhúinteoirí agus do bhaill foirne maidir le déileáil le:

- **Faisnéis tugtha ag leanaí**

- Má labhraíonn leanbh le ball foirne faoi mhí-úsáid líomhanta, ní mór don duine a fhaigheann an fhaisnéis sin éisteacht go cúramach agus ar shlí thacúil. Ní mór a bheith an-chúramach nach gcailltear muinín an linbh Níor chóir agallamh foirmiúil a dhéanamh. Cuirtear an chomhairle seo a leanas ort:
 1. Éist leis an leanbh.
 2. Ná cuir ceisteanna a spreagfaidh freagraí ar leith ná ná déan moltaí maidir le freagraí don leanbh.
 3. Tabhair tacaíocht don leanbh, ach ná déan gealltanais.
 4. Ná cuir cosc ar an leanbh imeachtaí tábhachtacha a tabhairt chun cuimhne.
 5. Ná tabhair freagairt thar fóir.
 6. Ná geall go gcoinneofar gach rud faoi rún – mínigh go mb'fhéidir go mbeidh gá le cabhair bhreise.
 7. Déan cuntas mion ar an gcomhrá a tharla, leis na sonraí seo a leanas
 8. Céard a tharla, cá háit agus cathain?
 9. Cur síos agus léaráidí más féidir de ghortuithe fisiciúla
 10. Mínithe ar na gortuithe ag úsáid athrá díreach más cuí.
 11. Coimeád an cuntas slán.
- Níor chóir don bhall foirne ach fíricí ábhartha riachtanacha a fháil. Níl sé de fhreagracht ar phearsanra na scoile líomhaintí maidir le mí-úsáid a iniúchadh.
- Ní mór an DCA a chur ar an eolas agus na taifid chuí a thabhairt dó/di.
- Más é/í an DCA an duine a rinneadh na líomhaintí ina leith, ansin cuirtear an t-amhras agus aon tuairiscí faoi bhráid an Chathaoirligh agus leanfaidh sé/sí ar aghaidh de réir na

dTreoiríníte.

- **Amhras faoi Mhí-úsáid:**
 - Má cheapann baill foirne go bhfuil mí-úsáid ar siúl, ní mór dóibh tagairt a dhéanamh do na *Treoiríníte Náisiúnta um Chaomhnú agus Leas Páistí* (1999) agus **Achta Tús Áite do Leanaí 2015**.
 - Ní mór do bhaill foirne na dátaí/comharthaí/rianta a bhfuil mar chúis imní dóibh a bhreathnú agus cúntas a choimeád orthu thar thréimhse ama.
 - Ní mór dóibh an DCA a chur ar an eolas agus na taifid uile a thabhairt dó/di.
- **Ról an Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA)**
 - Bíonn an DCA mar dhuine idirchaidrimh le heagrais seachtracha, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile le freagrachtaí maidir le caomhnú páistí
 - Cuirfidh an DCA na pearsanra uile ar an eolas maidir le teacht ar na dTreoiríníte Children First sa Cholaiste. Déanfaidh sé/sí Caibidlí 3 & 4 & Aguisín 1 na dTreoiríníte a fhótachóipeáil agus tabharfaidh sé/sí comhairle maidir le dea-chleachtas
 - Beidh an DCA ar fáil don fhoireann le haghaidh comhairliúcháin maidir le hamhrais nó faisnéis faoi mhí-úsáid ó leanaí. Coinneoidh sé/sí cúntas ar na comhairliúcháin sin.
 - Gheobhaidh an DCA comhairle ó Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte.
 - Tuairisceoidh an DCA amhrais agus líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí don Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte agus/nó don Gharda Síochána, bunaithe ar an gcomhairle sin.
 - Coinneoidh an DCA cúntais chearta go slán sabhailte, rúnda agus in áit slán.
 - Beidh an DCA ar an eolas faoi aon fhorbairtí reatha maidir le caomhnú páistí.

Treoiríníte don DCA faoi dhéileáil le tuairisciú cúiseanna imní agus tuairisciú faisnéise ó leanaí

- Má tá an DCA/an Leas-DCA imníoch faoi leanbh, ach níl sé/sí cinnte ar chóir an t-ábhar a thuairisciú don Bhord Sláinte, ba chóir dó/di comhairle chuí a lorg. Chuige sin, ba chóir don DCA/Leas-DCA teagmháil neamhfhoirmiúil a dhéanamh leis an Oibrí Sóisialta ainmnithe (atá ar dualgas). Ní mór don DCA/Leas-DCA a mhíniú go soiléir sa chás seo, go bhfuil comhairle á lorg agus nach bhfuil tuairisc á déanamh aige/aici. Má chuirtear comhairle air/uirthi an t-ábhar a thuairisciú, sin a dhéanfaidh

sé/sí.

- Ansin, déanfaidh an DCA/Leas-DCA tuairisc do Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte go pearsanta, ar an nguthán nó i scríbhinn. I gcás éigeandála, nó mura bhfuil foireann an Bhoird Sláinte ar fáil, ní mór tuairisciú don Gharda Síochána. Ní mór don DCA tuairisc ar an ábhar a dhéanamh do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, a leanfaidh na nósanna imeachta a ndéantar cur síos orthu i gCaibidil 4 (Cuid 4.3) de na Children First - Treoirínte Náisiúnta um Chaomhnú agus Leas Páistí (1999).
- Líonfaidh an DCA/Leas-DCA foirm thuairiscithe chaighdeánach ar an mbealach is cuimsithí is féidir (Féach Aguisín 1).
- De ghnáth cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh. B'fhéidir go ndéanfaí cinneadh, go mbeadh an leanbh i ndainséar nó i mbaol níos mó dá gchuirfí an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas. Ba chóir an cinneadh gan an tuismitheoir/caomhnóir a chur ar an eolas a thairfeadh i dteannta le cúiseanna an chinnidh sin.
- Nuair a dhéantar líomhain faoin DCA, ansin bíonn an Bhaionistíocht freagrach as an ábhar a thuairisciú do Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte agus an fhoirm thuairiscithe chaighdeánach a líonadh.
- Má dhéantar líomhaintí nó má tá amhras ann faoi mhí-úsáid déanta ag chomh-pháirtí, bainfidh an DCA úsáid as na nósanna imeachta céanna.
 - Cuirfear tuismitheoirí na bpáirtithe uile ar an eolas agus cuirfidh an DCA an Bhainistíocht ar an eolas.
 - Déanfaidh an príomhoide agus múinteoirí ranga socruithe chun bualadh leis na tuismitheoirí uile ina n-aonar chun teacht ar réiteach.
 - Déanfar socraithe sa scoil chun gach iarracht a dhéanamh cosc a chur le atarlú an iompair mhí-úsáidí.

Cruinnithe um Chaomhnú Páistí (Comhdhálacha ar Chásanna)

- Seolfaidh an Bord Sláinte iarratas chuig an DCA agus ní mór dó/di dul i gcomhairle le Bainisteoir an Choláiste (Caoimhín Ó hEaghra / Micheal Ó Domhnaill). Féadann an Bainisteoir iarraidh ar an DCA a mhíniú cén fáth go bhfuil ar fostaí na scoile freastal ar an gcruinniú agus cé eile a bheidh ann.
- Féadann an fostaí scoile tuairisc a chur le chéile don chruinniú/don chomhdháil. (Féach Aguisín 3).
- Cuirfear an fostaí scoile ar an eolas má bheidh leanaí/tuismitheoirí/caomhnóirí i láthair. Féadann an fostaí scoile

teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach an Chruinnithe um Chaomhnú Páistí chun comhairle a fháil.

- Féadann an fostaí scoile breathnóireacht níos mine a dhéanamh ar iompar linbh má iarrtar air/uirthi. D'fhéadfadh breathnóireacht ar iompar an linbh, idirghníomhaíochtaí le chomh-pháirtí, dul chun cinn sa scoil nó comhráití neamhfhoirmiúla a bheith san áireamh.
- I ngach cás, ní mór daoine a chuireann a gcúiseanna imní faoi chúram agus caomhnú páistí faoi bhráid fhoireann Boird Sláinte, nó a labhraíonn leo faoi na cúiseanna imní sin, a choinneáil ar an eolas faoi na céimeanna is dóichí a thógfaidh na daoine gairmiúla bainteacha. Mar is cuí, agus laistigh de na gnáththeorainneacha rúndachta, beidh baill foirne a dhéanann tuairiscí coinnithe ar an eolas faoi thorthaí aon fhiosraithe nó iniúchta a eascraíonn as a dtuairiscí.
- Ní mór do mhúinteoirí atá chun freastal ar chruinniú um chaomhnú linbh/comhdháil ar chás iad féin a chur ar an eolas faoin bprótacal a mhínítear ar lgh 149 – 155 de *na Treoirínte Náisiúnta um Chaomhnú agus Leas Páistí* (1999)

Impleachtaí Eagraíochta

Déanfar nósanna imeachta scoile atá i bhfeidhm cheana féin agus nósanna imeachta nua atá á gcur i bhfeidhm a scrúdú i bhfianaise na dTreoirínte Children First agus tabharfar aghaidh ar gach saincheist Cosanta Leanaí a thiocfaidh chun cinn.

Tugadh aghaidh ar na beartais seo a leanas san athbhreithniú seo:

- | | |
|--------------------------------|---|
| • <i>Féitheoireacht</i> | <i>Bullaíocht</i> |
| • <i>Timpistí</i> | <i>Snámh/</i> |
| | <i>Kayakadóireacht/dreapadóireacht/rothaíocht agus le linn na gnímh ar fad sa gcoláiste</i> |
| • <i>Coimead Cúntas</i> | <i>Leanaí ag taisteal ar an mbus</i> |
| • <i>Iondochtú Mhúinteoirí</i> | <i>Ionduchtú na mBall Foirne nua uile</i> |
| • <i>Ionduchtú Daltaí</i> | <i>Cumarsáid</i> |

Féitheoireacht

Cloífidh an fhoireann uile le polasaí féitheoireachta an Choláiste chun a chinntiú go ndéantar féitheoireacht chuimsitheach ar leanaí ag na sosanna .

Iompar

Moltar do Scolairí i gcónaí súgradh le chéile ar bhealach comhoibritheach agus tabharfar aghaidh ar dhroch-iompar de réir ár gCóid Iompair. Má tharlaíonn eachtra ar dóigh linn go mbaineann nádúr gnéasach leis, cuirfimid an DCA ar an eolas agus déanfaidh sé/sí cúntas ar an eachtra agus freagracht a ghlacadh ar an mbealach cuí atá leagtha amach ins na Treoirínte don DCA.

Infheictheacht

Déanfaidh múinteoirí cinnte go bhfuil leanaí infheicthe fad agus atá siad ar Ionad

an Choláiste, ar an Astro, ar an Loch nó ar angcúrsa constaice. Ní bheidh cead ag leanaí am a chaitheamh i seomraí ranga, i leithris nó i mbotháin, áiteanna nach mbeadh daoine fásta ag déanamh féitheoireachta orthu. Níl cead acu clós an Choláiste a fhágáil nó déileáil le daoine fásta atá lasmuigh den chlós an Choláiste.

Cuairteoirí

Beidh na múinteoirí / Ard Chinnirí ar dualgas sa chlós ar an eolas faoi chuairteoirí ag teacht isteach sa chlós an Choláiste agus gheobhaidh siad amach cúis na gcuairteanna sin. Déanfar féitheoireacht ar na daoine sin agus iad i mbun a gcuid gnó.

Bullaíocht

Tabharfar aghaidh ar iompar bulaíochta faoinár mbeartas Frithbhulaíochta. Má tharlaíonn sé go mbíonn iompar gnéasach i gceist nó má cheaptar go mbíonn an mhí-úsáid fíordhona, ansin cuirfear an t-ábhar ar aghaidh chuig an DCA.

Polasaí Frithbhulaíochta

- I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Stiúrtha Choláiste Cholumba mar chuid de chód iompair iomlán an Choláiste.

Aidhmeanna an Pholasaí

- Cultúr dearfach atá cuimsitheach agus fáilteach roimh dhifriocht a chothú;
- Timpeallacht an Choláiste a chothú atá oscailte agus tacúil agus ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé;
- Feasacht ar bhulaíocht mar iompar nach nglactar leis a mhúscailt i measc phobal an Choláiste (bainistíocht, príomhoidí, múinteoirí, daltaí, mná tí.);
- A chinnntiú go ndéantar maoirseacht agus monatóireacht chuimsitheach ionas go gcoimeádtar súil ar na daltaí i ngach gníomhaíocht an Choláiste;
- Gnásanna a sholáthar chun gur féidir iompar bulaíochta a imscrúdú agus déileáil leis;
- Gnásanna a sholáthar chun gur féidir iompar bulaíochta a thaifeadh agus a thuairisciú;
- Clár tacaíochta a cheapadh dóibh siúd a raibh tionchar ag iompar bulaíochta orthu agus dóibh siúd atá ag gabháil d'iompar bulaíochta;
- Oibriú as lámha a chéile leis na gníomhaireachtaí áitiúla éagsúla a fhéachann le bulaíocht agus iompar frithshóisialta a chomhrac; agus.
- Aithníonn Bord Stiúrtha Choláiste Cholumba a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.
- Cultúr dearfach a bheith i réim den Choláiste:
 - ina nglactar go fonnmar le difriocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus.

- ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
 - Ceannaireacht éifeachtach;
 - Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
 - Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
 - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
 - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
 - Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
 - Tacaíochtaí don fhoireann;
 - Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
 - Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.
- I gcomhréir le Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht.

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

1. duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
2. cibearbhulaíocht
3. bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de *na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*. Tá liosta samplaí thíos. Ní liosta

cuimsitheach é an liosta seo afách agus d'fheadfaí cineálacha eile bulaíocht a bheith ann.

Samplaí d'Iompraíochtaí Bulaíochta

<p>Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas bulaíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc. • Forrántacht fhisiciúil • Damáiste do mhaoin • Leasainmneacha a ghlaoch • Cleithmhagadh • Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú • Graifítí maslach • Sracadh (extortion) • Imeaglú • Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla • 'Amharc' faoi leith • Cur isteach ar spás pearsanta • Meascán de na cinn a luaitear.
<p>Cibearbhulaíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tromaíocht: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile • Ciapadh: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach • Pearsanú: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile • Gríosadh: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh • Cleasaíocht: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin • Scitheadh: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt • Leithcheal: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó • Cibear-stalcaireacht: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine • Glao tostach gutháin/gutháin phóca • Glao maslach gutháin/gutháin phóca • Teachtaireacht téacs mhaslach

	<ul style="list-style-type: none"> • Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach • Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí • Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín • Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide
<p>Iompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas (inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).</p>	
<p>Homafóbach agus Trasinscne</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine • Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici • Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine • Imeaglú fisiciúil nó ionsaí • Bagairtí
<p>Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil • Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas
<p>Caidreamhach</p>	<p>Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Biadán maslach • Leithcheal agus aonrú • Neamhaird • Leithcheal ó ghrúpa • Cairde a bhaint de dhuine • 'Bitseáil' • Ráflaí a scaipeadh • Rún a sceitheadh • Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í • 'Amharc' faoi Leith • 'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine.
<p>Gnéasach</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne • Ciapad
<p>Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Leasainmneacha a ghlaoch • Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama • Teachnt i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint • Teachnt i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint. • Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile

	<ul style="list-style-type: none"> • Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile
--	---

- Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfadh léi:

Glacfaidh an múinteoir / Ard Chinnire is gaire don ghasúr freagracht as an gcás a imscrúdú agus deileáil leis, go hiondúil an múinteoir ranga a bheas i gceist. Ní mór an príomhoide a chur ar an eolas chuile chéim den chás

- Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil:
 - Ag tógáil agus ag coinneáil cultúr scoile dearfach (féach Aguisín 4 thíos).
 - le deiseanna a thabhairt do dhaltaí chun braistint dhearfach dá fhiúntas féin a chothú.
 - An polasaí seo a scaipeadh i measc pobail an Choláiste.
 - Déanfar cúram speisialta do dhaltaí faoi mhíchumas agus do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus bearta á ndéanamh ag scoil chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta nó é a chosc. Ní mór an beartas frithbhulaíochta a bheith i gcomhréir le beartais agus tacaíochtaí eile na scoile agus a chinntiú go n-oibríonn na seirbhísí ar fad a dhéanann soláthar do dhaltaí mar iad as lámha a chéile. Ar na bearta is féidir a dhéanamh chun an dóchúlacht go ndéanfar bulaíocht ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a laghdú tá cuimsiú a fheabhsú, díriú ar scileanna sóisialta a shealbhú, aird a dhíriú ar phríomhócáidí mar an t-athrú ón mbunscoil go dtí an iar- bhunscoil agus dea-chultúr scoile a chothú ina léirítear meas ar chách agus ina dtugtar lámh chúnta don uile dhuine
 - Ní mór do bhearta coiscthe agus múscailt feasachta déileáil go sainráite leis an gcibearbhulaíocht. An tslí is fear le dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht ná é a chosc ar an gcéad dul síos. Ba cheart bearta coiscthe agus múscailt feasachta a dhíriú ar oideachas a chur ar dhaltaí faoin tslí le hiad féin a iompar ar líne, faoin tslí le bheith sábháilte ar líne agus ar conas cultúr a chothú ina dtuairiscítear aon údar imní mar gheall ar chibearbhulaíocht. Gnéithe tábhachtach den chur chuige sin is ea cur chuige Coláiste uile a bheith ann agus ról gníomhach a bheith ag tuismitheoirí. Ba cheart a chur san áireamh sna bearta coiscthe agus múscailt feasachta an deis atá ann chun gabháil don chibearbhulaíocht ar áiseanna teicneolaíochta atá ar fáil laistigh den choláiste.. Tá cosc iomlán ar fón póca sa Choláiste, taobh amuigh de am sosa sa teach lóistín.
 - Deiseanna a chur ar fáil i ngníomhaíochtaí spóirt chun ionsaitheacht a úsáid ar mhaithe le rud fiúntach a bhaint amach agus chun féinasmacht a fhoghlaim (.i.e.

Blitzeanna spóirt).

- Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, ar dhorchlaí, ar chlós an Choláiste, ag an loch, ar thurasanna agus ar ghníomhaíochtaí spóirt. Tabharfar ar bhaill foirne nach mbíonn ag teagasc agus ar bhaill eile a bheith san airdeall agus eachtraí a chur in iúl do na múinteoirí ábhartha. Beidh maoirseacht i gceist leis i dtaca leis an úsáid a bhaineann daltaí as teicneolaíocht cumarsáide sa Choláiste.
- Forbairt agus cur chun cinn Cód Frithbhulaíochta don Choláiste le cur ar taispeáint i seomraí ranga agus in áiteanna poiblí sa Choláiste.
- Cultúr insinte a spreagadh, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne ríthábhachtach. Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta agus iad ag tuairisciú eachtraí bulaíochta nach ag insint ná ag sceitheadh atá siad ach ag gníomhú go freagrach.
- Déanfaidh muid cinnte de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba chóir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh, mar shampla:
 - Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga.
 - Tabhairt ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) nó ar chara insint.
 - Déanamh cinnte de go dtuigeann finnéithe an tábhachtach a bhaineann lena bhfeiceann siad nó lena bhfuil ar eolas acu faoin mbulaíocht atá ar bun a insint.

Seo a leanas straitéisí Choláiste Cholumba chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):

- Is é an phríomhaidhm a bheidh ag an múinteoir ábhartha agus bulaíocht á imscrúdú aici/aige aghaidh a thabhairt ar aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is indéanta sin (seachas milleán a chur);
- Agus imscrúdú ar bhulaíocht á dhéanamh, nó nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a breithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas ab fhearr déileáil leis an bhfadhb;
- Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo. Ar an tsli sin beidh níos mó muiníne ag daltaí gur fiú bulaíocht a thuairisciú. Tá sé ríthábhachtach an mhuinín sin a chothú i measc na ndaltaí. Ba cheart é a rá go soiléir leis na daltaí nach ag tabhairt leideanna atá siad nuair a thuairiscíonn siad teagmhais bhulaíochta ach á n-iompar féin ar shlí fhreagrach;
- Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta sin;
- Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint ar gach duine atá bainteach leis (lena n-áirítear gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) ar an gcur chuige thús ón gcéad lá;
- Ba cheart cur chuige réidh, fadhbréitigh, neamhmhothúchánach a bheith ag múinteoirí agus iad ag déileáil le líomhaintí d'iompar bulaíochta a thuairiscíonn daltaí, baill foirne nó tuismitheoirí dóibh;
- Is fearr de ghnáth teagmhais a imscrúdú lasmuigh den seomra ranga chun

- príobháideacht gach duine atá bainteach leis a chosaint;
- Ba cheart gach agallamh a dhéanamh go híogair ag féachaint do chearta gach dalta i dtrácht. D'fhéadfadh daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach a sholáthar in agallamh mar sin;
 - Agus anailís á dhéanamh ar theagmhais d'iompar bulaíochta, ba cheart don mhúinteoir ábhartha freagraí a lorg ar na ceisteanna céard, cén háit, cén uair, cén duine nó cé na daoine, agus cén fáth? Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin síochánta, chun sampla a thabhairt den tslí le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach;
 - Má bhíonn grúpa i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine den ghrúpa ina nduine agus ina nduine. Ba cheart labhairt leis an ngrúpa ar fad ina dhiaidh sin. Ag an gcruinniú grúpa, ba cheart a iarraidh ar gach ball cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go gcloiseann an grúpa ar fad cuntais a chéile, má tá sé féiliúnach é seo a dhéanamh.
 - Ba cheart tacú le gach ball sa ghrúpa i bhfianaise na mbrúnna a d'fhéadfadh bail eile sa ghrúpa a chur orthu tar éis an agallaimh leis an múinteoir;
 - D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach nó cabhrach iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an teagmhas a gcuntas ar an teagmhas a scríobh síos;
 - I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe is féidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú doibh (le tagairt do bheartas na scoile). Tabharfaidh an Choláiste deis phlé do na tuismitheoirí ar shlite ina bhféadfaí bearta an Choláiste agus an tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadú;
 - I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar bulaíochta, ba cheart é a chur ar a súile nó ar a shúile di nó dó go soiléir gur sháraigh sí nó sé beartas frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sí nó sé an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á déanamh air nó uirthi;
 - Ní mór é a bheith soiléir don uile dhuine atá bainteach leis (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás ina mbíonn gá le smachtú, gur ceist phríobháideach é idir an dalta atá á smachtú, a tuismitheoirí nó a thuismitheoirí agus an scoil;
 - Ba cheart cruinnithe breise leis na páirtithe i dtrácht a shocrú chun iarracht a dhéanamh iad a thabhairt le chéile níos faide anonn má bhíonn an dalta a ndearnadh an bhulaíocht uirthi nó air sásta leis sin. Féadann tairbhe theiripeach a bheith ag gabháil le cruinnithe mar sin;
 - Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach le cás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, mar chuid dá breithiúnas nó dá bhreithiúnas gairmiúil, na tosca seo a leanas a chur san áireamh:
 1. Ar scoireadh den iompar bulaíochta ó shin;
 2. Ar réitíodh, a mhéad ab fhéidir, aon cheist a bhí le réiteach idir na páirtithe;
 3. An bhfuil an caidreamh idir na páirtithe curtha ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta;
 4. Aon aiseolas a fuarthas ó na páirtithe i dtrácht, óna dtuismitheoirí nó ó Phríomhoide nó Leas-Phríomhoide na scoile.
 - I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an Choláiste le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór gnásanna an Choláiste maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoirí

Gnásanna chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

Ní mór don Bhord Stiúrtha a chinntiú go mbíonn gnásanna soiléire ag an Choláiste chun iompar bulaíochta a nótaíl agus a thuairisciú go foirmiúil agus ní mór na gnásanna sin a bheith doiciméadaithe mar chuid de bheartas frithbhulaíochta an Choláiste. Ní mór gach taifead a choimeád i gcomhréir leis an reachtaíocht chuí cosanta sonraí. Ní mór do ghnásanna na scoile chun iompar bulaíochta a nótaíl agus a thuairisciú cloí leis na rialacha seo a leanas:

- Bíodh is go gcaithfear gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm i dtaobh bulaíochta, a imscrúdú agus go gcaithfidh an múinteoir ábhartha déileáil leo, bainfidh an múinteoir ábhartha leas as a breithiúnas gairmiúil i dtaca leis na taifid de na tuairiscí sin a bheidh le coinneáil, na bearta a dhéanfar agus aon phlé leo siúd atá bainteach leis an mbulaíocht maidir leis an gcéanna;
- Má fhaigheann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ní mór don mhúinteoir ábhartha taifid scríofa a choimeád chun cabhrú léi/leis an cheist a réiteach agus an gaol idir na páirtithe a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta.
- Ní mór don mhúinteoir ábhartha an teimpléad tuairiscithe in Aguisín 5 a úsáid chun an t-iompar bulaíochta a thaifeadadh sna cásanna seo a leanas:

I ngach ceann de chásanna (a) agus (b) thuas, ní mór an teimpléad taifeadta in **Aguisín 5** a chomhlánú ina iomláine agus ní mór don mhúinteoir i dtrácht é a choimeád agus cóip a chur ar fáil don Phríomhoide nó don LeasPhríomhoide, faoi mar a bheadh. Ba cheart é a nótaíl nach gciallaíonn an amlíne chun iompar bulaíochta a thaifeadadh sa teimpléad taifeadta ag **Aguisín 5** nach féidir leis an múinteoir ábhartha dul i gcomhairle leis an bPríomhoide nó an Leas-Phríomhoide ag céim níos luaithe i dtaca le cás.

Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltáí a ndearnadh bulaíocht orthu:

Tacaíochtaí do dhaltáí a ndearnadh bulaíocht orthu:

Cuirfear gach tacaíocht agus deis ar fáil do dhaltáí a fhulaingíonn an bhulaíocht trí deiseanna a thabhairt dóibh chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí chun a bhféinmheas a mhéadú, a scileanna cairdis agus sóisialta a fhorbairt agus athléimneacht a chothú iontu a bheadh ag teastáil ó dhaltáí mar sin mar shampla obair i ngrúpaí, am ciorcail.

Má bhíonn comhairleoireacht nó tacaí breise de dhíth ar dhaltáí, déanfaidh an Choláiste a dícheall dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí cuí chun é sin a eagrú.

Ba chóir do dhaltáí a thuiscint nach mbíonn aon fhinnéithe gan locht ann agus gur chóir gach iompraíocht bhulaíochta a chur in iúl do mhúinteoir.

Tacaíochta do dhaltáí a bhí ag gabháil d'iompar bulaíochta

Beidh an tacaíocht seo mar chuid den phróiseas idirghabhála an Choláiste. D'fhéadfadh comhairleoireacht a bheith de dhíth ar dhaltáí a ghabhann d'iompar bulaíochta chun gur

féidir leo bealaí eile a fhoghlaim chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh gan cearta daoine eile a shárú.

Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Stiúrtha An Choláiste go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

An Chiapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Stiúrtha go ndéanfaidh an Choláiste, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

Ghlac Bord Stiúrtha Choláiste Cholumba an beartas seo ar an 23 Márta 2019.

- Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, tá sé ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn.
- Athbhreithneoidh an Bord Stiúrtha an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach bliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, cuirfear é ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil agus don Roinn má iarrtar é.

Síniú an Phríomhoide	Cúrsa	Dáta
	A	
	B	
	C	
	D	
	E	
	F	
	G	
	H	
	I	
	J	

Dáta an chéad athbheithnithe eile: 23 Márta 2020

Aguisíní

Aguisín 1	Cineálacha Bulaíochta
Aguisín 2	Tionchar an iompair bhulaíochta
Aguisín 3	Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh
Aguisín 4	I gcás Timpistí
Aguisín 5	An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA)
Aguisín 6	Ráiteas Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí
Aguisín 7	Liosta Seiceála chun an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a Athbheithniú
Aguisín 8	Ráiteas Choláiste Cholumba maidir le Cosaint Leanaí - Cóip do na Tithe
Aguisín 9	Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí - na Tithe

Aguisín 1 - Cineálacha Bulaíochta

Seo a leanas cuid de na cineálacha iompair bhulaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann idir dhaltaí:

- **Ionsaitheacht fhisiciúil:** Áirítear air sin duine a bhrú, a shá, a bhualadh, a chiceáil, a phriocadh nó cor coise a chur ann. Bheadh trom-ionsaí fisiciúil ar áireamh anseo. Is minic a théann daltaí i mbun 'troideanna bréige', ach féadtar úsáid a bhaint astu chun ciapadh fisiciúil a dhéanamh faoi cheilt, sin nó duine a ghortú.
- **Imeaglú:** Cineál ar leith iompar bulaíochta is ea imeaglú: d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar chomharthaíocht choirp ionsaitheach ina mbaintear úsáid as an nguth mar arm troda. D'fhéadfadh aghaidh a léiríonn ionsaitheacht agus/nó míghnaoi a bheith ina chúis mhór imní.
- **Aonrú/eisiamh agus caidreamh bulaíochta eile:** Tarlaíonn bulaíocht den chineál seo nuair a dhéanann cuid den rang nó an rang ar fad duine a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhair air/uirthi d'aon ghnó. Is gnách iompar mar seo a bheith tionscanta ag duine atá ag gabháil d'iompar bulaíochta agus féadann sé a bheith deacair a bhrath. D'fhéadfadh ráitis mhaslacha a bheith á scríobh mar gheall ar an dalta seo in áiteanna poiblí, nó nótaí faoin dalta nó líníochtaí den dalta a bheith á scaipeadh nó í/é a bheith á maslú/mhaslú de chogar ach é a bheith sách ard le go gcloisfí é. Meastar go mbíonn caidreamh bulaíochta ann nuair a dhiúltaítear go leanúnach d'iarrachtaí duine caidreamh a bheith aige/aici le piaraí agus gaol a chothú leo, nó nuair a bhaintear an bonn de na hiarrachtaí sin. Bíonn rialú i gceist i gceann de na cineálacha is coitianta: "Déan seo, siúd nó eile, nó ní bheidh mé cairdiúil leat níos mó" (ráite nó intuigthe); grúpa a bhailíonn le chéile

in aghaidh duine amháin (cailín nó buachaill); geáitsíocht neamhbhriathartha, cúlchaint mhailíseach; scéalta a bheith á scaipeadh mar gheall ar dhuine nó cluas bhodhar a bheith á tabhairt ar dhuine.

- **Cibearbhulaíocht:** Tá an cineál seo bulaíochta ag éirí níos coitianta agus ag athrú an t-am ar fad. Is bulaíocht é seo a chuirtear i gcrích trí theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide ar nós téacsteachtaireachtaí, suíomhanna líonra sóisialta, r-phost, cur teachtaireachtaí meandracha, feidhmchláir, suíomhanna cluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne. An cineál bulaíochta ar líne is coitianta ná teachtaireachtaí míchuí nó goilliúnacha a dhíriú ar dhuine. De bhrí go n-úsáideann an chibearbhulaíocht modhanna teicneolaíochta chun an t-iompar bulaíochta a choimeád ag imeacht agus nach gá teagmháil duine le duine, féadfaidh an chibearbhulaíocht tarlú uair ar bith (lá nó oíche). Is iomaí cineál bulaíochta is féidir a éascú tríd an gcibearbhulaíocht. Mar shampla, d'fhéadfaí téacsteachtaireachtaí homafóbacha a sheoladh chuig duine nó pictiúir a phostáil mar aon le ráitis dhiúltacha mar gheall ar ghnéasacht duine, cuma duine srl.
- **Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine:** Duine ar bith a thugann ainm maslach, goilliúnach nó náiritheach ar dhuine eile, ba cheart féachaint air sin mar iompar bulaíochta. Is minic a ndéantar tagairt do chuma fhisiciúil duine, m.sh. méid nó éadaí an duine sin, sna hainmneacha seo. D'fhéadfaí aird dhiúltach a dhíriú ar thuin chainte nó ar ghuth so-aitheanta. Is minic cumas acadúil a bheith ina chúis le hainmneacha maslacha: i gcás daoine a mheastar a bheith níos cliste ná mar is gnách agus i gcás daoine a mheastar a bheith níos laige ná mar is gnách.
- **Dochar do mhaoín:** Is féidir bulaíocht a dhíriú ar mhaoín phearsanta. I gceist ansin bheadh damáiste d'éadaí, d'fhón póca nó do ghléasanna eile, do leabhair scoile agus d'ábhar foghlama eile nó cur isteach ar thaisceadán nó ar rothar an dalta. D'fhéadfaí a bhfuil sa mhála scoile a chaitheamh amach ar an urlár. D'fhéadfaí rudaí pearsanta a bhriseadh, a loit, a ghoid nó a chur i bhfolach.
- **Sracadh:** D'fhéadfaí airgead a éileamh, faoi bhagairt uaireanta (bagairtí a chomhlíontar uaireanta mura gcuireann an dalta i dtrácht an t-airgead ar fáil nuair a iarrtar é). D'fhéadfaí iallach a chur ar dhalta maoín a ghoid arson duine eile atá ag gabháil d'iompar bulaíochta.

Aguisín 2 - Tionchar an iompair bhulaíochta

Daltaí a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, féadfaidh siad mothúcháin éagsúla a bheith acu – neamhdhiongbháilteacht, náiriú agus imní throm, rud a dhéanann níos soghonta iad, uaireanta. D'fhéadfaí an fhéinmhuinín a laghdú, as a leanann laghdú ar fhéinmheas. Is minic nach labhraíonn na daltaí i dtrácht faoin méid atá ar siúl ach tugtar athrú ar ghiúmar agus ar iompar faoi deara. Má bhíonn an bhulaíocht go dona, féadfaidh an dalta lámh a chur ina bás nó ina bhás féin. Mar sin tá sé ríthábhachtach tuiscint a bheith againn ar cad is ciall le hathruithe ar iompar, ionas gur féidir idirghabháil luath a dhéanamh. Dá luaithe a dhéantar an idirghabháil is ea is fearr.

Daltaí a thugann bulaíocht faoi deara, d'fhéadfadh sí cur isteach orthu agus d'fhéadfaidís siúd a bheith ag fulaingt chomh mór céanna leis an duine nó na daoine is ábhar don bhulaíocht. Mar shampla, daoine a bhfuil tréithe i bpáirt acu le duine a bhfuil bulaíocht bunaithe ar aitheantas á déanamh uirthi nó air, féadfaidh imní teacht orthu go bhfuil siad féin i mbaol. Féadann daltaí a bhrath go bhfuil siad ciontach nó bheith trí chéile toisc nach féidir leo cabhrú leis an té is ábhar don bhulaíocht.

Bíonn iarmhairtí ann do dhaoine a ghabhann d'iompar bulaíochta. Daltaí a ghabhann d'iompar bulaíochta, is airde an dóchúlacht go dtiocfaidh dúlagar orthu. Iarmhairtí eile fadtéarmacha eile a d'fhéadfadh a bheidh ann ná pearsantacht fhrithshóisialta, neamhord imní, mí-úsáid substainte agus iompar in aghaidh an dlí mar dhuine fásta agus laghdú ar ghnóthachtáil oideachais agus ceirde

Aguisín 3 - Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

- Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa

1. Ainm: _____ Teach Lóistín _____

Rang: _____

2. Ainm(neacha,) teach lóistín & rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta

Ainm	Teach Lóistín	Rang

3. An t-iompar is ábhar buartha/imní (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))

Clós	
Seomra ranga	
Dorchla/pasáiste	
Leithris	
Loch	

4. An áit ar tharla an teagmhas/na teagmhais (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))

An dalta i dtrácht	
Dalta eile	
Tuismitheoir	
Múinteoir	
Eile	

5. Ainm an té/na ndaoine a thuiriscigh an t-údar imní bulaíochta

6. Cineál an iompair bhulaíochta (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

Ionsaitheacht Fisiciúil		Cibearbhulaíocht	
Dochar do mhaoin		Imeaglú	
Aonrú/Eisiamh		Cúlchaint mhailíseach	
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine:		Eile (tabhair do thuairim)	

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

Homafóbach	Míchumas/baint each le riachtanais speisialta oideachais	Ciníoch	Ballraíocht den Lucht Siúil	Eile (sonraigh)

8. Cur síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar

9. Sonraí na mbeart a rinneadh

Síniú an Phríomhoide	Cúrsa	Dáta
	A	
	B	
	C	
	D	
	E	
	F	
	G	
	H	
	I	

	J	
--	----------	--

Síniú Bainistíochta:	Dáta:
-----------------------------	--------------

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide: _____

Aguisín 4

Timpistí

Cé go ndéanfar gach réamhchúram faoinár Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta chun a chinntiú go mbíonn leanaí slán, tuigimid go dtarlóidh timpistí. Deanfar cuntas a choimeád ar thimpistí inár leabhar eachtraí agus leanfar cleachtas cuí na scoile faoi mar atá inár bpolasaí timpistí mar chuid de Shláinte agus Sábháilteacht & Polasaí Garchabhrach.

Polasaí Garchabhrach

- Tá an bosca garchabhrach le fáil in oifig an Phríomhoide nó i oifig na gCinnirí. Beidh bosca / mála garchabhrach ag an loch & an trá chomh maith
- Tá measúnú le déanamh ag an múinteoir atá ag feitheoireacht ar aon ghortú a tharlaíonn do aon dhalta atá faoin chúram. Má tá amhras air an múinteoir ba chóir dó/di dul i dteagmháil leis an bPríomhoide/Leas Príomhoide láithreach
- Má tá mion-ghortú i gceist ba chóir an dalta a thabhairt chuig na oifige chun cóir leigheas a chuir ar. Ba chóir miotóga a chaitheamh i gcónaí

- Má tá níos mó ná mion-ghortú i gceist is cóir teagmháil a dhéanamh leis an dochtúir atá ar dualgas láithreach agus comhairle a fháil uaidh faoin mbealach is fearr déileáil leis an dalta. Más gá ba chóir an dalta a thabhairt chuig an dochtúir
- Má tá contúirt ann an ghasúr a chorráí cuirtear fios ar dochtúir / otharcharr.

Beidh ar an múinteoir cuntas a chur i leabhar na n-eachtraí ar aon thimpiste a tharla

Síniú an Phríomhoide	Cúrsa	Dáta
	A	
	B	
	C	
	D	
	E	
	F	
	G	
	H	
	I	
	J	

Síniú Bainistíochta:	Dáta:
-----------------------------	--------------

Snámh

Rachaidh leanaí chuig an trá ar an mbus nó ag siúl (An Caorán beag, Tisméain nó an Dóilín)). Déanfaidh leanaí línte eagraithe le haghaidh an bhuis, mar a luaitear inár bpolasaí scaoilte mar chuid de Shláinte agus Sábháilteacht.

Scolairí ag taisteal i ngluaisteáin na foirne

- Ní iompraíonn múinteoirí páiste ina (h)aonar ina ngluaisteáin.

- Dar ndóigh bheadh cásanna eisceachtúla ag baint lena leithéid san m.sh. in am an ghátair & na práinne, ar leas an scolaire, uair a bheadh scolaire i mbaol bháis &rl

Coimeád Cúntas

Coinnítear na cúntais i dtarraiceán dheasc an mhúinteora a bhíonn faoi ghlas i gcónaí. Tabharfar na leabhair rolla suas chun dáta gach lá. Ní roinnfear eolas leochailleach a bhaineann le scolairí ach le daoine is gá a bheith ar an eolas. Coimeádtar cúntais oideachasúla na ndaltaí uile nach bhfreastalaíonn ar an cholaiste seo níos mó i gcófra na bhfillteán in oifig an phríomhoide .

Ionduchtú Múinteoirí agus Ball Foirne Breise

Beidh an DCA freagrach as na múinteoirí nua uile agus an fhoireann bhreise a chur ar an eolas faoi na **Treoirlínte Children First (1999)**. Tabharfaidh an DCA cóip de Chaibidlí 3 & 4 agus Aguisín 1 agus den bpolasaí seo um Chaomhnú Páistí don fhoireann nua uile.

Ionduchtú Daltaí

Beidh na daltaí ar an eolas maidir le nósanna imeachtaí & polasaithe an Choláiste súl má thagann siad chun an Choláiste.

Cumarsáid

Déanfar gach iarracht feabhas a chur ar chumarsáid dalta-múinteora. Má tá cúiseanna imní ag daltaí, éistfear go báuil leo. Má bhíonn ar mhúinteoirí cumarsáid a dhéanamh le daltaí duine ar dhuine, iarrtar orthu doras an tseomra ranga a fhágáil ar oscailt. Is féidir sonraí breise ar chumarsáid a fháil i bPolasaí Cumarsáide An Choláiste.

Critéir Rathúlachta

Déanfaimid meastóireacht ar rathúlacht an pholasaí seo ag baint úsáide as na critéir seo a leanas:

- Cur i bhfeidhm agus rannpháirtíocht na foirne uile san oiliúint
- Aiseolas ón bhfoireann uile.

Fráma ama don Chur i bhFeidhm

Beidh an polasaí seo i bhfeidh roimh 5ú Feabhra 2018.

Fráma ama don Athbhreithniú

Cuirfidh an DCA na treoirlínte i gcuimhne don fhoireann an Choláiste ag an gcéad chruinniú foirne roimh thús gach cúrsa, agus tabharfar cóip de na treoirlínte Children First d'aon duine a mbíonn sé de dhíth orthu. Déanfar athbhreithniú bunaithe ar na critéir thuas, tar éis aon eachtra agus gach eachtra ina n-úsáidtear na treoirlínte

Freagracht as an Athbhreithniú

- DCA
- An Príomhoide
- An Fhoireann uile.
- Mná Tí.

Tá an polasaí seo léite agam agus tuigim gach a bhfuil ann.

Síniú an Phríomhoide	Cúrsa	Dáta
	A	
	B	
	C	
	D	
	E	
	F	
	G	
	H	
	I	
	J	

Síniú Bainistíochta:	Dáta:
-----------------------------	--------------

Aguisín 5

Do Chursáí 2019 seo iad a leanas na An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA)

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe	Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe	Cúrsa
		A
		B
		C
		D
		E
		F
		G
		H
		I
		J

Síniú Bainistíochta:	Dáta:
-----------------------------	--------------

An Leas Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA) do Chursaí 2019.

Aithníonn Bord Stiúrtha Choláiste Cholumba go bhfuil cúrsaí chosaint agus leasa leanaí lárnach i ngach gné de shaol an Choláiste agus gur gá go bhfeictear é seo i bpolasaithe uile an Choláiste , i nósanna imeachta an Choláiste , i gcleachtas an Choláiste agus in imeachtaí uile a bhíonn eagraithe againn le linn na gcúrsaí. Cloífidh an Choláiste leis na prionsabail dhea-chleachtais a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí.

Déanfaidh an Choláiste;

- Cosaint agus Leas Leanaí a aithint mar an rud is tábhachtaí, beag beann ar chúrsaí eile
- Cloí ina iomláine leis na dualgais reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile ábhartha a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí.
- Comhoibriú go huile is go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cúrsaí chosaint agus leas leanaí.
- Glacadh le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ar phriacail neamhriachtanacha a d'fhágfadh go ndéanfaí líomhaintí mí-úsáide nó faille ina gcoinne.
- Meas a léiriú ar riachtanais rúndachta agus iad ag plé le cúrsaí chosaint leanaí.

Tá na nósanna imeachta/beartais seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá ina (h)ábhar fiosrúcháin (pé cur síos a dhéantar air) maidir le haon ghníomh, le haon neamhghníomh, nó le haon chás, maidir le haon pháiste atá ag freastal ar an Choláiste, cloíonn an Choláiste leis na nósanna imeachta dleithiúil de réir Achta *Thús Áite do Leanaí 2015*.
- Maidir le roghnú nó earcú na mball agus lena n-oiriúnacht chun obair leis na scolairí, cloíonn an Choláiste le riachtanais ghrinnfhiosraithe reachtúla an Achta BGN (Leanaí agus daoine soghonta) 2012 go 2016 agus le treoir níos forleithne dhualgas chúraim leagtha amach i gclócláin ábhartha na nGardaí um ghrinnfhiosrú agus um earcú atá foilsithe ag an ROS agus ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS.
- Maidir le soláthar an eolais agus, nuair is gá, teagaisc agus oiliúna don fhoireann maidir le déanamh díobhála a aithint (mar a shainmhínítear san Acht 2015), déanann an Cholaiste;
 - Cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí Choláiste Cholumba a sholáthar do na baill foirne ar fad.
 - Cinnte de go ndéantar cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí An Cholaiste a sholáthar do gach ball foirne nua
- Maidir le tuairisciú buarthaí faoi chosaint leanaí do Tusla i gcás múinteoirí cláraithe, na cinn sin a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san áireamh.
- I gColáiste Cholumba, tá an DIA thuasainmnithe ceaptha ag an mBord Stiúrtha mar an duine ábhartha (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do leanaí 2015) le bheith ina chéad phointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí an Cholaiste.

Tá gach aon mhúinteoir cláraithe fostaithe ag an Cholaiste ina nduine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá an Bord tar éis measúnacht priacail a dheanamh ar an bhféidearthacht díobhála do pháistí agus iad ag freastal ar Cholaiste nó ag glacadh páirte in imeachtaí na An Choláiste. Tá measúnacht scríofa a leagann amach na réimsí priacail aitheanta agus na nósanna imeachta chun na priacail sin a bhainistiú ceangailte mar aguisín leis na nósanna seo.
- Tá an ráiteas thuas curtha ar fáil go gach ball foirne An Choláiste. Déanfar cóip den Ráiteas a chur ar fáil do Tusla, do Roinn na Gaeltachta agus don Roinn Oideachas má iarrtar.
- Déanfar Aithbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí nó chomh luath agus is féidir tar éis aon athruithe ábhartha ar aon rud a ndéanann an Ráiteas seo tagairt dó.

Ghlac an Bord Stiúrtha Choláiste an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí ar 23ú Márta 2019

Sínithe: Mícheál Ó Domhnaill

Aguisín 6: Ráiteas Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí

Measúnacht Scríofa Choláiste Cholumba

De réir alt 11 den ailt um Thús Áite do Leanaí 2015 is mar a leanas an Mheasúnacht Riosca Scríofa Choláiste Cholumba

Gníomhaíochtaí an Choláiste

Cúrsaí Gaeilge ar feadh thréimhse seachtaine/coicís/trí seachtaine agus trí lá.

- Ranganna Gaeilge
 - Ranganna teagasc
- Seisiún tráthnóna
 - Caicadóireacht .
 - Raftáil.
 - Rothaíocht.
 - Cúrsa constaice.
 - Dreapadóireacht.
 - Sacar.
 - Peil.
 - Rugbaí (tag).
 - Turas go Inis Óirr.
 - Turas go Gaillimh.

- Turas go Ionad An Phiarsaigh.
- Turas don Chlochán.
- Seisiún oíche –
 - Céilí
 - Dioscó
 - Tráth na gceist
 - Drámaíocht
 - Díospóireacht agus araile.
- Lóistín agus béile ar feadh thréimhse an chúrsa

Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an gColáiste i leith a cuid gníomhaíochtaí

- Riosca díobhála dochar do pháiste faoi chúram an Choláiste
- Riosca díobhála de bharr bulaíocht
- Riosca díobhála de bharr lóistín agus beathú na páistí
- Riosca díobhála de bharr na meán sóisialta
- Riosca díobhála de bharr taisteal agus gluaiseacht na páistí
- Riosca díobhála de bharr tinneas agus ailléirgí
- Riosca díobhála de bharr easpa tuairisciú
- Riosca díobhála de bharr Alcól, Drugaí agus substaintí eile mídhleathach
- Riosca díobhála de bharr peataí an teaghlach áitiúil
- Riosca díobhála de bharr easpa ionchuimsiú

Tá na nósanna imeachta rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an gColáiste i leith a cuid gníomhaíochtaí

- Tá cóip de *Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí* tugtha do gach ball d'fhoireann, foireann nua san áireamh
- Éilítear ar gach duine den fhoireann clárú teagasc cloí leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017*
- Tá Beartas Fríth bhulaíochta ag an gColáiste
- Tá beartas maoirseachta ar an gclós le linn am sosa na ranganna teagasc chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chúil ar pháistí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc
- Tá polasaithe agus nósanna imeachta soiléire ar bun ag an gColáiste i leith siúl le bóthar, turais lae agus turas chuig an trá.
- Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an gColáiste
- Cloíonn an Coláiste le ceanglais reachtaíochta ghrinn fhiosrúchán an Gharda Síochána
- **Tá cóid iompraíochta ag an gColáiste d'fhoireann an choláiste (foireann teagasc agus neamh-theagasc)**
- Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an gColáiste do dháileadh cógais ar dhaltaí.
- **Éigeantach do lucht foirne oiliúint chúil an choláiste a chomhlíonadh.**
- **Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an gColáiste do dháileadh na Garchabhrach agus déantar cinnte go bhfuil duine cáilithe le garchabhair oibre i láthair ar gach cúrsa.**
- Tá cóid iompar ag an gColáiste do dhaltaí.
- Tá beartas fóin phóca ar bun ag an gColáiste i leith úsáide fón póca ag daltaí .
- Cúram daltaí a bhfuil riachtanais shainiúla acu ar nós:

Daltaí de bhunadh mionlach eitneach/imircigh. Baill den Lucht Siúil. Leanaí atá leispiach, homaighnéasach, déghnéasach nó trasinscneach. Daltaí a mheastar a bheith leispiach, homaighnéasach, déghnéasach nó trasinscneach. Daltaí a bhaineann le creidimh reiligiúnacha mionlaigh agus Leanaí i gcúram

Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an Teaghlach áitiúil (Bean an Tí) i leith a cuid gníomhaíochtaí

- Riosca díobhála dochar do pháiste faoi chúram an Tí
- Riosca díobhála de bharr bulaíocht
- Riosca díobhála de bharr lóistín agus beathú na páistí
- Riosca díobhála de bharr na meán sóisialta
- Riosca díobhála de bharr taisteal agus gluaiseacht na páistí
- Riosca díobhála de bharr tinneas agus ailléirgí
- Riosca díobhála de bharr easpa tuairisciú
- Riosca díobhála de bharr Alcól, Tóitiní agus substaintí eile mídhleathach
- Riosca díobhála de bharr peataí an theaghlach áitiúil

Tá na nósanna imeachta rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag na Teaghlaigh áitiúla agus Coláiste i leith a gcuid gníomhaíochtaí

- Tá cóip de Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu.
- Tá na teaghlaigh cláraithe agus aitheanta ag an Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi scáth Scéim na bhFoghlaimeoirí Teanga
- Tá na príomh chúramóirí do na teaghlaigh ag cloí agus tá oiliúint déanta acu faoin

Acht Thús Áite do Leanaí 2015.

- Déantar cinnte go bhfuil ainm agus sonraí teagmhála an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) sa choláiste curtha i scríbhinn chucu roimh thús gach cúrsa más amhlaidh go bhfuil duine difriúil i gceist
- Déantar cinnte go bhfuil polasaithe agus rialacháin an choláiste maidir leis na Teaghlaigh Ghaeltachta (Bean an Tí) faighte agus léite acu ón gColáiste.
- Déantar cinnte go n-imíonn na páistí ar fad ón teach ag an am céanna, déantar seic go bhfuil siad ar fad tagtha ag an am céanna, ar maidin, sa tráthnóna agus san oíche
- Dáileadh Cógais agus cur síos ar an tinneas a bheith faighte acu i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa
- Ailléirgí agus riachtanais speisialta beatha a bheith faighte i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa
- Má chaitheann páiste dul abhaile tinn, déantar cinnte roimh ré go bhfuil duine sa teaghlach (atá os cionn 18 bliain d'aois) agus nach bhfuil leo féin sa teach. Cuirtear duine eile in éineacht leis an duine tinn más amhlaidh go bhfuil duine ón teaghlach leo féin
- Iarrtar ar na teaghlaigh peataí agus ainmhithe na teaghlaigh a bheith faoi smacht, ceangailte nó istigh
- Cloí le hamanna codlata an choláiste le doirse na seomraí codlata fágtha oscailte
- Cloí le Polasaí fón póca an Choláiste.
- Solas fágtha ar sa halla/pasáiste le linn na hoíche
- Cead úsáid an teileafón póca de réir polasaí an choláiste, ach i gcóir 10 nóiméad agus i radharc an teaghlach.
- Ní thugtar paschód do WI-FI agus níl cead an WI-FI a úsáid
- Airdeallach ar stóráil agus úsáid Alcól, Toitíní agus substaintí mídhleathach eile sa teach
- Déantar cinnte iompar imníoch a chur in iúl do Choláiste, ar nós, duine leo féin agus gan a bheith ag meascadh.

Nós Imeachta

- De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus Treoir Thusla maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a chur le Chéile, tá toilithe ag Coláiste Cholumba leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo.
- I gcas baill ar bith den fhoireann agus na teaghlaigh áitiúla is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuiriscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse i leith linbh atá ag freastal ar an gColáiste, cloíonn an choláiste leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha i bpolasaithe an choláiste
- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus teaghlaigh áitiúla lena n-oiriúnacht chun oibriú agus freastal ar leanaí, cloíonn an Coláiste le riachtanais reachtúla grinn fhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinn fhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016
- Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne agus teaghlaigh áitiúla chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaithe rinne an coláiste na nithe seo a leanas

- Cóp de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann agus teaghlaigh áitiúla
- A chinntiú go gcuirfear cóip de Ráiteas an Choláiste maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann
- Lucht foirne agus teaghlaigh áitiúla a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí (Introduction to Children's First) - Ríomhfhoghlaim Thusla
- Coimeádann an Choláiste taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne agus teaghlaigh áitiúla
- Maidir le hábhair imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór do gach ball foirne agus teaghlaigh áitiúla cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach ar a n-áirítear, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainorduithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Sa gColáiste seo tá an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ceaptha ag an mbainistíocht an Choláiste mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.
- Daoine sainorduithe is ea gach múinteoir cláraithe arna fhostú ag an gColáiste, maraon le Banaltraí agus Bainisteoir an gColáiste faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Agus é ag tabhairt faoin measúnacht riosca seo, tá gach dícheall déanta ag an gColáiste chun a shonrú sa mhéid gur féidir é na rioscaí díobhála atá ábhartha don Choláiste agus chun a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta leordhóthanacha ar bun chun gach riosca atá sonraithe a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnacht riosca seo ar bun ag an gColáiste chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú sa mhéid gur féidir é.

Chuir Bainistíocht Choláiste Cholumba an mheasúnacht riosca seo i gcrích ar 23ú Márta 2019. Athbhreithneofar é mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Ráiteas na Scoile maidir le Cumhdach Leanaí

Sínithe: _____ Dáta: 23/03/2019 _____

Stiúrthóirí an choláiste: Caoimhín Ó hEaghra & Micheál O Domhnaill

Aguisín 7

Liosta Seiceála chun an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a Athbhreithniú

Tá sé aontaithe ag Bord Stiúrtha **Choláiste Cholumba** a bheith faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus chun tabhairt faoi athbhreithniú ar a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí agus go mbainfear leas as an liosta seiceála seo a leanas chun na críche sin. Caithfear an t-athbhreithniú a chur i gcrích gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas. Trí athbhreithniú a dhéanamh cinnteoidh an eagrais chomh maith go bhfuil sí ag sásamh na hoibleagáide reachtúla atá uirthi faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a athbhreithniú gach dhá bhliain.

Tá an liosta seiceála seo ceaptha mar chúnamh chun an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích agus níl sé i gceist go mbeadh sé ina liosta uileghabhálach de na ceisteanna atá le machnamh.

Mar chuid den phróiseas foriomlán athbhreithnithe, is ceart do choiste beartais, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíochtaí ábhartha de chuid na heagraise a mheas féachaint an bhfuil siad ag cloí le prionsabail an dea-chleachtas cosanta agus leasa leanaí de réir mar atá siad leagtha amach i Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach

Leanaí, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus in sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.

		Tá/Níl
1	An bhfuil glactha go foirmiúil ag Bord Choláiste Cholumba le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá de réir na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017?	
2	Mar chuid de Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí, an bhfuil glactha go foirmiúil ag Bord Choláiste Cholumba , gan athrú ná leasú, leis na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017?	
3	An bhfuil measúnacht scríofa riosca san áireamh i Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí de réir mar a fhorálann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015?	
4	An bhfuil an mheasúnacht scríofa riosca athbhreithnithe agus nua shonraithe ag an gCoiste áit is gá mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo?	
5	An bhfuil freastalta ag an DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil?	
6	An bhfuil freastalta ag an Leas-DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil?	
7	An bhfuil freastalta ag comhaltaí ar bith den Bhord ar oiliúint maidir le cosaint leanaí?	
8	An bhfuil DIA mar aon le Leas-DIA ceaptha faoi láthair?	
9	An bhfuil na sonraí teagmhála bainteacha (Tusla agus an Garda Síochána) ar láimh i lámhleabhar an tSiúrthóra ar gach cúrsa?	
10	An bhfuil socruithe ar bun ag an mBord chun Ráiteas an Choiste maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar eolas do phearsanra nua eagraise?	
11	An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil an lucht foirne/baill ar fad curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus	

	an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015?	
12	An bhfuil Cosaint Leanaí ar chlár gach cruinniú den Bhord agus Chruinnithe na Stiúrthóirí?	
13	Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go ndearna an DIA ar aon cheann de na cúrsaí tuairiscí cosanta leanaí ar bith chuig Tusla/An Garda Síochána?	
14	Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann inar iarr DIA ar chúrsa comhairle ó Thusla agus, de dheasca na comhairle seo, nach ndearnadh tuairisc ar bith chuig an FSS?	
15	Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann ina ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí in aghaidh baill ar bith de lucht foirne na eagraise?	
16	An bhfuil an Bord cinnte de gur cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air?	
17	An bhfuil an ord cinnte de go bhfuil gach beart cuí á dhéanamh nó déanta i ndáil le ball ar bith de lucht foirne na eagraise a ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí ina (h)aghaidh ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí?*	
18	An bhfuil tuairiscí maidir le cosaint leanaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird breactha mar is cóir i miontuairiscí an Bhoird?	
19	An bhfuil an Bord cinnte de go ndéantar na taifid ar fad maidir le cosaint leanaí a chur ar comhad mar ba chóir agus a choinneáil i dtaisce go sábháilte?	
20	An bhfuil fógra faighte ag an mBord ó thuismitheoir ar bith maidir le gan an fógra caighdeánach atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017 bheith faighte ag an tuismitheoir sin?	
21	Maidir le cásanna ar bith a sonraíodh ag ceist 21 thuas, an bhfuil cinntithe ag an mBord gur chuir an DIA amach ina dhiaidh sin fógraí ar bith atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na Nósanna Imeachta um	

	Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017?	
22	An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána i ndáil le gach duine d'fhoireann na eagraise (fostaithe agus oibrithe deonacha)? *	
23	An bhfuil an Bord cinnte de go mbíonn, ó thaobh cúrsaí cosaint leanaí de, nósanna imeachta críochnúla á gcur i bhfeidhm ag an eagrais i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin i ndáil le lucht foirne iomlán na eagraise (fostaithe agus oibrithe deonacha)?*	
24	An bhfuil machnamh déanta agus aghaidh tugtha ag an mBord ar aon ghearáin nó moltaí ar mhaithe le feabhsú i ndáil le Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí?	
25	An bhfuil sonraithe ag an mBord go bhfuil gné ar bith de Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar gá feabhas breise ina leith?	
26	An bhfuil plean gníomhaíochta lena n-áirítear tráthchláir oiriúnacha curtha ar bun ag an mBord d'fhonn dul i ngleic leis na gnéithe sin de Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar sonraíodh gur gá feabhas breise ina leith?	
27	An bhfuil cinntithe ag an mBord go ndeachthas i ngleic go leor dhóthanach le haon réimse ar sonraíodh le linn athbhreithnithe roimhe seo ar Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí go bhféadfaí feabhas a dhéanamh ina leith?	

Sínithe:

Dáta:

Sínithe:

Dáta:

Aguisín 8

Ráiteas Choláiste Cholumba maidir le Cosaint Leanaí - cóip do na Tithe

Ritheann Coláiste Cholumba cúrsaí Gaeilge i nGaeltacht Chonamara le linn an tsamhraidh.

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanseanna 2017, agus Treoir TUSLA maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a Chur le Chéile, tá toilithe ag Bord Stiúrtha **Choláiste Cholumba** leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo.

1. Tá glactha ag Bord Stiúrtha **Choláiste Cholumba** le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 na Roinne Oideachais agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Cumhdach Leanaí.

2. Is é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ná: Cian Ó Tuathaláin (Cúrsaí A, D & F) Antaine Ó Cuinn (Cúrsa B), Gearóid Ó Cinnéide (Cúrsaí C & E), Mairéad Uí Fhátharta (Cúrsa H), Ruth Ní Longaigh (Cúrsa I) agus RoseAnn Uí Fhlatharta (Cúrsa J).
3. Is é an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (D/DIA) ná: Laura Ní Mheachair (Cúrsa A), Máirín de Búrca (Cúrsa B), Micheál Ó Domhnaill (Cúrsaí C, E & H) agus Caoimhín Ó hEaghra (Cúrsaí D, F, I & J).

Admhálann Bord Stiúrtha **Choláiste Cholumba** go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leasa daoine óga fite fuaite le gach gné de shaol an eagrais agus nach mór é sin a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí an eagrais. I ndáil lena beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh an eagrais leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an eagrais:

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheisteile;
- comhoibriú go hiomlán leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leasleanaí;
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go mbainfeadh díobháil nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul sa mbaol go gcuirí drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais le tuismitheoirí a thabhairt chun cinn agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in dul chun cinn daoine óga san eagrais.
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh an eagrais leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas ar bun:

1. I gcas baill ar bith den fhoireann/den choiste is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse I leith linbh atá ag freastal ar an eagrais, cloíonn an eagrais leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do

Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017

2. Maidir le roghnú agus earcú ball foirne/ baill choiste/ oibrithe deonacha agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le daoine óga, cloíonn an eagrais le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus leis an treoir leathan maidir leis an dualgas cúraim atá leagtha ins na ciorcláin ábhartha de chuid an Gharda a bhaineann le grinnfhiosrúchán agus earcaíocht agus atá arna bhfoilsíú ag an ROE agus le fáil ar shuíomh idirlín na ROE.
3. Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaíthe rinne an eagrais na nithe seo a leanas-
 - Cóip de Ráiteas na eagrais maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann/bhord.
 - A chinntiú go gcuirfear cóip de Ráiteas na eagrais maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann/choiste le linnoiliúna.
 - Lucht foirne/baill boird a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúintchuí
 - Coimeádann an Coiste taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne agus ar chomhaltaí den Choiste

• Maidir le hábhair imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór do gach ball foirne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach insna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 ar a n-áirítear, i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Go príomha ní mór do mhúinteoirí/ feighlithe nó duine ar bith atá i bhfeighil a bheith ar an eolas go bhfuil said sainordaithe agus an oiliúint chuige afháil.

• San eagrais seo tá an DIA thuasluaite ceaptha ag an mBord mar an “duine cuí” (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.

• Le linn cúrsaí an tsamhraidh de ghnáth is é stiúrthóir an chúrsa an DIA agus is é/í a bhéas mar an ‘duine cuí’ (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.

• Daoine sainordaithe is ea gach baill foirne (múinteoir, feighlithe, cuntóirí agus ard-chinnirí) arna fhostú ag an eagrais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

• De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnacht curtha i gcrích ag an mBord maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fhéideartha ar bith do dhaoine óga a bheadh ag freastal ar an eagrais nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí eagraise. Tá measúnacht scríofa leis seo ina leagtar amach na réimsí riosca a sonraíodh agus nósanna imeachta na eagraise chun na rioscaí sin a bhainistiú mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.

- Is féidir rochtain ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo trí shuíomh idirlín an eagrais, nó trí shuíomh idirlín na ROE nó cuirfidh an eagrais ar fáil iad ach iad aiarraidh.

Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh idirlín na heagraise www.colaiastecholumba.ie agus tá sé tugtha do gach ball de lucht foirne na heagraise. Tá sé ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fail do Thusla agus don Roinn ach ceann a iarraidh.

Athbhreithneofar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí gach bliain roimh Cruinniú na Stiúrthóirí i mí Márta nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar an 26 Mí an Mhárta 2019

Sínithe:

Cathaoirleach an Bhoird

Sínithe:

Rúnaí:

Dáta: 23/03/19

Aguisín 9 - Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí - na Tithe

Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an Teaghlach áitiúil (Bean an Tí) i leith a cuid gníomhaíochtaí:

- Riosca díobhála dochar do pháiste faoi chúram an Tí
- Riosca díobhála de bharr bulaíocht
- Riosca díobhála de bharr lóistín agus beathú na páistí
- Riosca díobhála de bharr na meán sóisialta

- Riosca díobhála de bharr taisteal agus gluaiseacht na páistí
- Riosca díobhála de bharr tinneas agus ailléirgí
- Riosca díobhála de bharr easpa tuairisciú
- Riosca díobhála de bharr Alcól, Tóitíní agus substaintí eile mídhleathach
- Riosca díobhála de bharr peataí an theaghlach áitiúil

Tá na nósanna imeachta rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag na Teaghlaigh áitiúla agus Coláiste i leith a gcuid gníomhaíochtaí

- Tá cóip de Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu.
- Tá na teaghlaigh cláraithe agus aitheanta ag an Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi scáth Scéim na bhFoghlaimeoirí Teanga
- Tá na príomh chúramóirí do na teaghlaigh ag cloí agus tá oiliúint déanta acu faoin Acht Thús Áite do Leanaí 2015
- Déantar cinnte go bhfuil ainm agus sonraí teagmhála an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Leas-Dia sa choláiste curtha i scríbhinn chucu roimh thús gach cúrsa más amhlaidh go bhfuil duine difriúil i gceist
- Déantar cinnte go bhfuil polasaithe agus rialacháin an choláiste maidir leis na Teaghlaigh Ghaeltachta (Bean an Tí) faighte agus léite acu ón gColáiste.
- Déantar cinnte go n-imíonn na páistí ar fad ón teach ag an am céanna, déantar seic go bhfuil siad ar fad tagtha ag an am céanna, ar maidin, sa tráthnóna agus san oíche
- Má bhíonn aon glacadh leighis ar siúl sa teach ba cheart go mbeadh údaráis an choláiste ar an eolas faoi agus cead faighte ó thuismitheoirí.
- Bíonn Ailléirgí agus riachtanais speisialta beatha faighte i scríbhinn óna thuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa
- Má chaitheann páiste dul abhaile tinn, déantar cinnte roimhré go bhfuil duine sa teaghlach (atá os cionn 18 bliain d’aois) agus nach bhfuil siad leo féin sa teach. Cuirtear duine eile in éineacht leis an duine tinn - cinnire nó ard-chinnire.
- Iarrtar ar na teaghlaigh peataí agus ainmhithe na teaghlaigh a bheith faoi smacht, ceangailte nó istigh
- Cloí le hamanna codlata an choláiste le doirse na seomraí codlata fágtha oscailte
- Solas fágtha ar sa halla/pasáiste le linn na hoíche
- Cosc ar fhearais teicneolaíochta ar nós, Ríomhaire lapa nó fóin (meáin shóisialta) os comhair na scoláirí
- Airdeallach ar stóráil agus úsáid Alcól, Toitíní agus substaintí mídhleathach eile sa teach
- Déantar cinnte iompar inníoch a chur in iúl do Choláiste, ar nós, duine leo féin agus gan a bheith ag meascadh